

Vín/Strasbourg, an 22 Meitheamh 2016

Treoir phraiticiúil nua maidir le rochtain ar an gceartas sa dlí Eorpach

An 22 Meitheamh 2016, seolfaidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine lámhleabhar praiticiúil maidir leis an dlí Eorpach a bhaineann le rochtain ar an gceartas.

"Ní ceart ann féin atá i rochtain ar an gceartas. Is cumasóir tábhachtach í freisin maidir le cearta bunúsacha eile a sholáthar i ndáiríre," a dúirt Michael O'Flaherty, Stiúrthóir FRA. "Tá an treoir phraiticiúil seo ina hacmhainn thábhachtach dlí do chleachtóirí dlí, rud a bheidh siad in ann a úsáid chun tacaíocht ghníomhach a thabhairt do dhaoine a bhfuil bacainní orthu rochtain iomlán éifeachtach a fháil ar an gceartas."

"Déantar achoimre sa lámhleabhar seo ar na príomhphrionsabail um rochtain ar an gceartas, agus leas á bhaint as corp leathan dlí Eorpaigh agus dlí-eolaíochta Eorpaí," a dúirt Guido Raimondi, Uachtarán na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. "Trí fhaisnéis atá éasca le húsáid a chur ar fáil faoi na príomhchaighdeáin san Eoraip, cabhrófar go mór le cleachtóirí dlí a chinntiú go dtabharfar tacaíocht cheart, triail chothrom agus rochtain ar réitigh éifeachtacha do gach duine atá ar lorg an cheartais."

Treoir chuimsitheach maidir leis an dlí Eorpach ina leith sin is ea an *Lámhleabhar maidir leis an dlí Eorpach a bhaineann le rochtain ar an gceartas*. Féachtar sa lámhleabhar le feachtas a mhéadú agus eolas a fheabhsú ar chaighdeáin ábhartha arna leagan síos ag an Aontas Eorpach agus ag Comhairle na hEorpa, go háirithe trí chásdlí ó Chúirt Bhreithiúnais an AE agus ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine.

Is é is aidhm don lámhleabhar cúnaimh a thabhairt do bhreithiúna, ionchúisitheoirí agus cleachtóirí dlí i mBallstáit den AE agus de Chomhairle na hEorpa a phléann leis an dlíthíocht ar shaincheisteanna dlí a bhaineann le rochtain ar an gceartas. Beidh an treoir ina háis úsáideach freisin d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhlachtaí eile a thugann cúnaimh do dhaoine aonair rochtain a fháil ar an gceartas.

Is ar an dlí sibhialta agus coiriúil go príomha a dhírítear san fhoilseachán. Cuimsítear ann saincheisteanna amhail éisteacht chothrom phoiblí os comhair binse atá neamhspleách agus neamhchlaon; cúnaimh dlíthiúil; an ceart chun comhairle, cosaint agus ionadaíocht a fháil; an ceart chun réiteach éifeachtach a fháil; fad ama imeachtaí; agus teorainneacha eile atá ann ar rochtain ar an gceartas. Scrúdaítear ann freisin rochtain ar an gceartas i réimsí roghnaithe: íospartaigh na coireachta; daoine faoi mhíchumas; príosúnaigh agus cimir réamhthrialach; an dlí comhshaoil; agus ríomhsheirbhísí dlí.

Tá an lámhleabhar ar fáil i mBéarla agus i bhFraincis. Cuirfear é ar fáil i dteangacha eile ar ball.

Seolfar an lámhleabhar le linn an chéad Fhóiraim um Chearta Bunúsacha arna eagrú ag FRA i Vín. Le linn na hócáide ardleibhéil ceithre lá sin, tiocfaidh an lucht déanta beartas, ceannairí tuairimíochta agus oibríthe pobail le chéile chun plé a dhéanamh ar bhealaí nua chun dul i ngleic leis na dúshláin atá againn san Eoraip ó thaobh cearta bunúsacha de.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, déan teagmháil le:

- media@fra.europa.eu; Teil. +43 1 580 30 642. Chun faisnéis rialta a fháil faoin obair a dhéanann FRA, déan teagmháil le: info@fra.europa.eu.
- echrpress@echr.coe.int; Teil. +33 3 90 21 42 08. Chun preaseisiúintí ón gCúirt a fháil, cláraigh anseo: www.echr.coe.int/RSS/en nó lean sinn ar Twitter @ECHRpress agus @ECHRPublication.

Nótaí d'eagarthóirí:

- Cuireann **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha** (FRA) comhairle fhianaisebhunaithe ar fáil d'institiúidí AE agus do Bhallstáit den AE, agus í ag cabhrú lena chinntiú go gcosnaítear na cearta bunúsacha atá ag daoine a chónaíonn san AE. www.fra.europa.eu.
- Chuir na Ballstáit de Chomhairle na hEorpa **an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine** ar bun in Strasbourg sa bhliain 1959, agus é de dhualgas uirthi déileáil le sáruithe líomhnaithe ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 1950. Is féidir breitheanna agus breithiúnais ón gCúirt agus faisnéis eile fúithi a fháil ar www.echr.coe.int.